# Scéalta COVID-19

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na scéalta is deireanaí faoi COVID-19. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, bí ag obair leis an duine in aice leat agus aimsígí leagan Gaeilge na bhfocal seo a bheidh le cloisteáil inti.

1. deceased ______________________
2. confirmed ______________________
3. intensive care unit ______________________
4. press conference ______________________
5. obstetricians ______________________
6. cause for alarm ______________________
7. disinformation ______________________
8. pregnant ______________________
9. reproduction ______________________
10. in the womb ______________________




**Ceist 2** Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar na míre, sula bhféachfaidh sibh uirthi.

**Ceist 3** Anois, féach ar an mír dhá uair agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 4** '…a Chaoimhe…' agus '…a Eibhlín…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na samplaí thuas?

2. Bain úsáid as na hainmneacha seo thíos chun na rialacha a bhaineann leis an ngné sin den ghramadach a chur in iúl:

   *Ciarán*
   *Pádraig*
   *Siobhán*
   *Caoimhe*

**Ceist 5** '…má fhaigheann…'

1. Cad is féidir leat a rá faoin ngné den ghramadach sa sampla thuas?
2. Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge.

   - If they play that song, record it.
   - If he was there, I didn't see him.
   - If she comes back soon, tell her to call me.
   - If you make curry, I'll eat it.
   - If they said that, I didn't hear it.
   - If we go, we will never come back.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil drogall ar dhaoine áirithe vacsaín a fháil? Cad é do thuairim féin faoin scéal?
2. Cad a cheapann tú faoi stampa a fháil ar do phas le léiriú go bhfuil an vacsaín faighte agat? Cén fáth a bhfuil daoine áirithe i gcoinne an choincheapa sin?
3. An fadhb mhór é bréageolas ar na meáin shóisialta, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| 1. deceased | *básaithe* |
| 2. confirmed | *deimhnithe* |
| 3. intensive care unit | *aonad dianchúraim* |
| 4. press conference | *preasócáid, preasagallamh* |
| 5. obstetricians | *cnáimhseoirí* |
| 6. cause for alarm | *údar imní* |
| 7. disinformation | *bréageolas* |
| 8. pregnant | *ag iompar, torrach* |
| 9. reproduction | *atáirgeadh (atáirgiúlacht a dúradh)* |
| 10. in the womb | *sa bhroinn* |

**Ceist 2**

Féach an script.

**Ceist 3**

Féach an script.

**Ceist 4**

An Tuiseal Gairmeach san uimhir uatha.
Úsáidtear an tuiseal gairmeach nuair a bhítear ag caint le duine i nGaeilge. Seo thíos cúpla nod chun cuidiú leat an tuiseal gairmeach, uimhir uatha, a úsáid!

- Cuirtear 'a' roimh an ainm.
  **a** Chiaráin, **a** Phádraig, **a** Shiobhán, **a** Chaoimhe

- Cuirtear séimhiú ar an ainm más féidir. (Ní chuirtear séimhiú ar ghuta – a Úna).
  a C**h**iaráin, a P**h**ádraig, a S**h**iobhán, a C**h**aoimhe

- Is minic a chríochnaíonn ainmneacha fear le consan leathan. Sa chás sin, caolaítear an t-ainm (seachas ainmneacha sa cheathrú díochlaonadh – a Liam).
  a Chiará**i**n, a Chatha**i**l, a Sheá**i**n.

- Ní chaolaítear ainmneacha ban.
  a Shiobh**án**, a Mhuir**eann**, a Chl**ár**,

**Ceist 5**

Má:

- ✓ Úsáidtear ***má*** + briathar san aimsir láithreach chun tagairt a dhéanamh don am amach romhainn
- ✓ Séimhítear na briathra a leanann ***má*** seachas na briathra 'bí' agus 'abair' (má c**h**loiseann *ACH* má tá, má deir)
- ✓ 'Bíonn' an leagan den bhriathar 'bí' a úsáidtear tar éis ***má*** chun tagairt don am atá romhainn (má bhíonn sé ann, beidh mé féin ann)
- ✓ ***Mura*** an fhoirm dhiúltach de ***má*** agus leanann urú é (mura bhfeiceann tú é)
- ✓ Leanann séimhiú ***má*** san aimsir chaite chomh maith agus ní chailleann briathra a thosaíonn le guta (nó fh + guta) an **d'** (má chuaigh sí, má d'imigh sí)
- ✓ Ní shéimhítear na briathra 'faigh' agus 'abair' tar éis ***má*** san aimsir chaite (má fuair agus má dúirt)

  - If they play that song, record it.
    *Má sheinneann siad an t-amhrán sin, déan taifead air.*
  - If he was there, I didn't see him.
    *Má bhí sé ann, ní fhaca mé é.*

- If she comes back soon, tell her to call me.
  *Má thagann sí ar ais go luath, abair léi glaoch a chur orm.*
- If you make curry, I'll eat it.
  *Má dhéanann tú curaí, íosfaidh mé é.*
- If they said that, I didn't hear it.
  *Má dúirt siad é sin, níor chuala mé é.*
- If we go, we will never come back.
  *Má théimid, ní fhillfimid go deo.*

**Ceist 6**

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Agus tá ár dtuairisceoir, Caoimhe Ní Laighin, inár dteannta anois ón Roinn Sláinte. A Chaoimhe, 437 cás eile den víreas sa Stát tráthnóna agus gan aon duine eile básaithe. Cad eile a léirítear i bhfigiúirí an lae inniu?

**Caoimhe Ní Laighin**
Bhuel, mar a deir tú a Eibhlín, níl bás ar bith eile deimhnithe inniu agus 437 cás nua. Tá 418 duine san ospidéal le COVID-19 faoi láthair, 103 acu atá san aonad dianchúraim. Chuaigh 20 duine isteach san ospidéal le COVID-19 le 24 uair anuas.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Anois, tugadh eolas ríthábhachtach ansin tráthnóna ag an bpreasócáid a Chaoimhe, maidir le mná atá ag iompar. Cad a dúradh?

**Caoimhe Ní Laighin**
Bhuel, a Eibhlín, bhí an Dochtúir Cliona Murphy ó Institiúid na gCnáimhseoirí ag labhairt ag an bpreasagallamh anseo sa Roinn Sláinte tráthnóna. Agus dúirt sí gur údar imní dóibh é an méid bréageolais atá á scaipeadh ar na meáin shóisialta agus mar sin de, mar gheall ar dhrochthionchar a bheith ag an vacsaín, ní hamháin ar mhná atá ag iompar, ach ar mhná atá ag iarraidh a bheith torrach, ar an seans a bheadh acu leanbh a iompar san am atá romhainn.

Ar chúrsaí atáirgiúlachta[1] i gcoitinne, dúirt sí nach bhfuil fianaise ar bith ann faoi láthair go ndéanann sé damáiste do na daoine sin. Gur chóir do gach uile dhuine atá in aois atáirgiúlachta an vacsaín a ghlacadh, má fhaigheann siad tairiscint é sin a dhéanamh. Anois, dúirt sí go bhfuil fianaise idirnáisiúnta ann go mbíonn drochthionchar ag COVID-19, anois ní an vacsaín ach an galar é féin, ar atáirgiúlacht[2] na bhfear. Mar sin, is cóir do gach uile dhuine a fhaigheann tairiscint an vacsaín sin a ghlacadh.

Ar shuíomh idirlín an HSE faoi láthair, deir siad go molann siad Pfizer agus Moderna níos mó ná AstraZeneca mar, ar ndóigh, is vacsaíní neamhbheo atá iontu siúd agus mar sin ní féidearthacht é ar chor ar bith go bhféadfaidís damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn, nó don bplacaint nó aon rud mar sin.

Tá go maith, Caoimhe Ní Laighin ag an Roinn Sláinte dúinn tráthnóna. Go raibh míle maith agat as sin.

[1] *atáirgthe* an leagan caighdeánach, ach *cúrsaí torthúlachta* atá i gceist aici
[2] *atáirgeadh* an leagan caighdeánach, ach *torthúlacht* atá i gceist aici